Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11210 – ACCIONA CONCESIONES / COBRA / ENDEAVOUR / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 268/06)

1. An 24 Iúil 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Acciona Concesiones S.L. ('Acciona Concesiones', an Spáinn), cuid den ghrúpa Acciona S.A. (an Spáinn),

— Cobra Instalaciones y Servicios, S.A. ('Cobra', an Spáinn), atá faoi rialú deiridh Vinci S.A. (an Fhrainc),

— Endeavour Energy ('Endeavour', an Astráil),

— Cuideachta nuachruthaithe ('JV', an Astráil).

Gheobhaidh Acciona Concesiones, Cobra agus Endeavour rialú comhpháirteach ar JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é Acciona Concesiones brainse infheistíochta Acciona atá speisialaithe i bhforbairt, tógáil, oibriú agus cothabháil tionscadal comhpháirtíochta poiblí príobháidí bonneagair faoi shocruithe maidir le lamháltas in earnálacha, mar shampla, earnáil an iompair, earnáil an chúraim sláinte, earnáil na hinbhuanaitheachta, agus earnáil na teileachumarsáide,

— Soláthraíonn Cobra réitigh chomhtháite i réimsí an fhuinnimh, na hinnealtóireachta tionsclaíche, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh in-athnuaite, agus go háirithe i bhforbairt tarchuir, san Eoraip go príomha,

— Tá Endeavour gníomhach san earnáil dáileacháin leictreachais san Astráil.

3. Is iad na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheidh i ngníomhaíochtaí gnó an JV nuabhunaithe:

— Tionscadal a chur i gcrích a bhaineann le dearadh, tógáil, maoiniú, oibriú, cothabháil, bainistiú sócmhainní agus aischur bonneagair líonra tarchurtha leictreachais don Chrios Fuinnimh In-athnuaite Lár-Iarthar Orana in New South Wales (an Astráil).

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11210 – ACCIONA CONCESIONES / COBRA / ENDEAVOUR / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË